# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Teastas Sóisearach 2013

# Scéim Mharcála

# Gaeilge

# Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.
Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# TREORACHA GINEARÁLTA

**1.** Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

**2.** Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

**3.** Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

**4.** Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

**5.** Dírítear aird an Scrúdaitheora Chúnta ar a bhfuil i gceist sna treoracha sa cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

| **Roinn I** | **Cluastuiscint** | **(40 marc)** |
|---|---|---|
| **N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin. | | |

## Treoracha

**1.** Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal/ na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta , glac leis mar fhreagra**.**

**2.** Maidir le ceisteanna a bhfuil pictiúr nó litir le roghnú mar fhreagra orthu ní féidir ach **pictiúr nó litir amháin a roghnú** i ngach cás.
**N**.**B**. Glac le **tic** (✓) **in aice nó ciorcal timpeall na litreach** sna ceisteanna a bhfuil sé sin i gceist iontu má tá an litir cheart roghnaithe.

*******************************************************************************

Tá **ceithre cheist déag** san áireamh i **Roinn 1** (An Triail Chluastuisceana).

## Cuid A (16 mharc)

Sé mhír eolais á lorg

**C.1.** ( An Chéad Chainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc
**C.2**. ( An Dara Cainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc

Cuid A - C1. + C.2. = 16 mharc

## Cuid B (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Fógra) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. ( Píosa Nuachta) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

Cuid B - C1. + C.2. = 12 mharc

## Cuid C (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg

**C.1.** ( Comhrá a hAon) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. (Comhrá a Dó) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

Cuid C - C1. + C.2. = 12 mharc

Roinn I (An Triail Chluastuisceana) – Cuid A + Cuid B + Cuid C = 40 marc

| **Roinn II** | **Léamhthuiscint** | **120 marc** |
|---|---|---|

**Gach ceist gach le freagairt**:

**Ceist 1** = Meaitseáil = 30 marc
**Ceist 2** = Fógraí = 30 marc
**Ceist 3** = Sleachta leanúnacha = 60 marc

C.1 + C.2 + C.3 = 120 marc

**C.1** 30 marc = 3 mharc x 10 = 30 marc

**C.2** **Trí** Fhógra Freagair do rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

**(a)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

**(b)** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

**(c )** (**i**) = 5 mharc + (**ii**) = 5 mharc + (**iii**) = 5 mharc = 5 x 3 = 15 mharc

Rogha **dhá cheann** de (**a**), (**b**), (**c**) = 15 + 15 = 30 marc

**C.3** **Dhá** Shliocht Leanúnach**:** Freagair (a) **agus** (b) = 30 + 30 = 60 marc

**(a)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc:

= 6 mharc x 5 = 30 marc

**(b)** (**i**) = 6 mharc + (**ii**) = 6 mharc + (**iii**) = 6 mharc + (**iv**) = 6 mharc + (**v**) = 6 mharc:

= 6 mharc x 5 = 30 marc

| Roinn III | Ceapadóireacht | 80 marc |
|---|---|---|

**Gach ceist gach le freagairt**: **Ceist 4** = Cárta Poist = 20 marc, **Ceist 5** = Blag / Cuntas = 20 marc, **Ceist 6** = Litir *nó* Alt / Cuntas = 40 marc

C.4 + C.5 + C.6 = 80 marc

**Treoir** maidir do chuid mharcála i Roinn III:

Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'.

- ✓ **Eolas** = Comhlíonadh na bpointí atá luaite
- ✓ **Gaeilge =** Cumas Cumarsáide /Aimsirí / Saibhreas Foclóra / Forbairt
- ✓

## C. 4 Cárta Poist 20 marc

- ✓ **Eolas:** marc as 5 mharc
- ✓ **Gaeilge:** blocmharc as 15 mharc

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
- Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

## C. 5 Blag / Cuntas 20 marc

- ✓ **Eolas:** 1 mharc x 4 = 4 mharc
- ✓ **Gaeilge:** blocmharc as 16 mharc

## C. 6 Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt** / **Cuntas** 40 marc

**(a) Litir:**

**Foirmlí:** = 4 mharc **(seoladh** = 1 + **dátaí** = 1 + **beannú** = 1 + **síniú scoir** = 1)

- ✓ **Eolas:** 4 mharc x 2 = 8 marc
- ✓ **Gaeilge:** blocmharc as 28 marc

**(b) Alt/Cuntas**

✓ **Eolas:** 2 mharc x 5
= 10 marc

[**Eolas** :pointe amháin eolais as gach sraith (bosca) + pointe eolais ar bith eile as sraith (bosca) ar bith]

✓ **Gaeilge:** blocmharc as 30 marc

**Treoir**: I **Roinn III** (**C.4**, **C.5**, **C.6**) má bhronntar '0'**(náid)** ar **Eolas** bronntar 0 (**náid**) ar **Ghaeilge.**

## Oiriúntas Réasúnta

Tá roinnt leasuithe ar an **Scéim Mharcála** le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag **Coimisiún na Scrúduithe Stáit** dóibh agus a bhfuil **réiltíní** in aice lena scrúduimhreacha ar na **Leatháin Mharcála**.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

**1)** Iarrthóirí a bhfuil cealú ceadaithe dóibh maidir le **litriú** agus **gramadach**.
**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

**2)** Iarrthóirí a **d'úsáid**:

- scríobhaí
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire**.**

**Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.**

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm maidir le **litriú** agus **cruinneas gramadaí** sna freagraí ar na ceisteanna a bhfuil a leithéid i gceist iontu, **i.e. Roinn III Ceapadóireacht: C.4, C.5, agus C.6.** Ní chuirtear aon **phionós** ar **'drochlitriú'** ná ar '**easpa cruinnis sa ghramadach'** i bhfeidhm sa mharcáil ar na freagraí i Roinn I sa Scrúdú Cluastuisceana agus i Roinn II sa Léamhthuiscint.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil **oiriúntais réasúnta faofa** dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a **mharcáil** sa **ghnáthshlí** d'réir na scéime marcála. Ansin téitear siar ar na marcanna a bronnadh ar chruinneas sna freagraí ar cheisteanna 4, 5 agus 6 agus tugtar **luacháil chéimithe** don iarrthóir ansin. Féach thíos.

**Luacháil chéimithe** don iarrthóir a bhfuil **Oiriúntas Réasúnta** faofa dó/di:

**Ceist 4**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 13** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 14/15** | **→15mharc** |

**Ceist 5**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 15/16** | **→16mharc** |

**Ceist 6 (a) Litir**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 24** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 25/26/27/28** | **→28 marc** |

**Ceist 6 (b) Alt/Cuntas**

| | |
|---|---|
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 1 – 5** | + **0 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 6 – 10** | + **1 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 11 – 14** | + **2 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 16 – 20** | + **3 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 21– 26** | + **4 mharc** |
| Iarrthóir a ghnóthaigh na marcanna seo **ar Ghaeilge 27/28/29/30** | **→30 marc** |

Ní mór an cealú seo a thaispeáint ar an **bhfreagarleabhar**, taobh **istigh** agus ar an **gclúdach** taobh **amuigh.**

DON SCRÚDAITHEOIR

| SCRÚDUIMHIR ☞ | | Iomlán na Marcanna | |
|---|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

## GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL

**(240 marc)**

| DON SCRÚDAITHEOIR | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh. | 200 |
| **Nóta**: ☞<br>Ní mór an marc ag **1** thuas a bheith mar an gcéanna leis an **IOMLÁN** sa ghreille ar dheis. | |

**ROINN I – CLUASTUISCINT**

| | CUID A | | CUID B | | CUID C | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist** | **1** | **2** | **1** | **2** | **1** | **2** |
| **Marc** | 8 | 8 | 6 | 6 | 6 | 6 |

☞

| DON SCRÚDAITHEOIR | | |
|---|---|---|
| **ROINN** | **CEIST** | **MARC** |
| **II** | **1** | 30 |
| | **2** | 30 |
| | **3** | 60 |
| **III** | **4** | 20 |
| | **5** | 20 |
| | **6** | 40 |
| **IOMLÁN** ☞ | | 200 |
| **CLUASTUISCINT** ☞ | | 40 |
| **MÓRIOMLÁN** ☞ | | 240 |
| **GRÁD** ☞ | | A |

**Thall** →

**ROINN I – CLUASTUISCINT** **(40 marc)**

## Cuid A (16 mharc)

Sé mhír eolais á lorg

**C.1.** ( An Chéad Chainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc
**C.2**. ( An Dara Cainteoir) = 3+3+2 mharc = 8 marc

**Cuid A** = C1. + C.2. = 16 mharc

**1.** **An Chéad Chainteoir.**

*Cén chaoi a bhfuil sibh? Fiachra Standún ag caint libh. Rugadh mé i mBéal an Átha i gContae Mhaigh Eo. Is páiste aonair mé. Siúinéir is ea mo dhaid agus is rúnaí scoile í mo mhaim. Is í an bhádóireacht an caitheamh aimsire is fearr liom. Tá bád seoil ag mo thuismitheoirí. An Ghaoth Aneas an t-ainm atá uirthi.*

| **Ainm** | ***Fiachra Standún*** | |
|---|---|---|
| Cár rugadh Fiachra? | • Béal an Átha / Co Mhaigh Eo | **3 mharc** |
| Cén obair a dhéanann a Dhaid? | • Is siúinéir é a dhaid. | **3 mharc** |
| Cén caitheamh aimsire is fearr le Fiachra? | • Bádóireacht | **2 mharc** |

**8 marc**

**2.** **An Dara Cainteoir**

*Goidé mar atá achan duine? Bríd Nic Aoidh ag labhairt libh. Is as Béal Feirste domsa. Tá deirfiúr amháin agam. Máire is ainm di. Tá sí dhá bhliain níos óige ná mise. Bhí mé féin agus mo chara Siún sa phictiúrlann an Satharn seo caite. Chonaic muid an scannán The Hobbit. Is dóigh liom go bhfuil an t-aisteoir, Martin Freeman, ar fheabhas ann.*

| **Ainm** | ***Bríd Nic Aoidh*** | |
|---|---|---|
| Cad as do Bhríd? | • Béal Feirste | **3 mharc** |
| Cé mhéad deirfiúr atá aici? | • Deirfiúr amháin | **3 mharc** |
| Cá raibh Bríd agus Siún an Satharn seo caite? | • Sa phictiúrlann / Ag scannán / Ag the Hobbit | **2 mharc** |

**8 marc**

# CUID B (12 mharc)

4 mhír eolais á lorg
**C.1.** ( Fógra)       = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. ( Píosa Nuachta) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc


**Cuid B** = C1. + C.2. = 12 mharc

**1.** **Fógra**

*Fógra anseo ón nGarda Síochána. Is Lá Saoire Bainc é an Luan seo chugainn agus mar sin beidh trácht trom ar na bóithre tráthnóna. Iarrtar ar thiománaithe aird a thabhairt ar rialacha an bhóthair. Beidh ceamaraí luais á n-úsáid ar fud na tíre.*




**(a)**



**(b)**




**(c)**



**(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bhfógra seo? **b** **3 mharc**

**(b)** Cad a bheidh ar na bóithre, tráthnóna?

(a) paráid mhór

(b) a lán uisce

**(c) trácht trom**

(d) oibreacha bóthair

**C** **3 mharc**

**<u>6 mharc</u>**

**2.** **Píosa Nuachta**

*I mí Mheán Fómhair seo caite thug Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn cuairt ar The Emerald Grounds i Londain. Ceanncheathrú Chumann Lúthchleas Gael in Ruislip, Londain, is ea The Emerald Grounds. Bhí a bhean chéile, Sabina, in éineacht leis an Uachtarán ar an turas.*



**(a)**



**(b)**



**(c)**



**(d)**

**(a)** Cén pictiúr a théann leis an bpíosa seo? **a** **3 mharc**

**(b)** Cé a bhí in éineacht leis an Uachtarán?

(a) an Taoiseach

(b) a iníon

**(c) a bhean chéile, Sabina**

(d) a mhac

**c** **3 mharc**

**<u>6 mharc</u>**

**CUID C (12 mharc)**

4 mhír eolais á lorg
**C.1.** (Comhrá a hAon) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc
**C.2**. (Comhrá a Dó) = (**a**) 3 mharc + (**b**) 3 mharc = 6 marc

**Cuid C =** <u>C1. + C.2. = 12 mharc</u>

**1.** **Comhrá a hAon**

***An Chéad Mhír***

**Niamh:** *Haigh, a Aoife. Niamh anseo?*

**Aoife**: *Dia dhuit, a Niamh. Aon scéal agat?*

**Niamh**: Ar chuala tú cad a tharla dom ar scoil inniu?

**Aoife**: *Níor chuala muis, ach chonaic mé lasmuigh de oifig an phríomhoide thú. Inis dom, munar miste leat.*



**(a)**



**(b)**



**(c)**



**(d)**

**(a)** Cá bhfaca Aoife Niamh? | **d** | **3 mharc**

**An Dara Mír**

**Niamh**: *Táim go mór trí chéile mar ghoid duine éigin mo i-Phone nua.*

**Aoife**: *Ó, a thiarcais! Cad a tharla?*

**Niamh**: *Níl cead agam é a rá leat. Tá an scéal á fhiosrú ag na Gardaí.*

**Aoife**: *Ná bí buartha faoi, a thaisce.*

**Niamh**: *Ar d'fhocal, a Aoife, ná habair tada faoi seo le héinne eile.*

**Aoife**: *Tugaim mo fhocal duit. Ní osclóidh mé mo bhéal faoi.*

**(b)** Cad a tharla do i-Phone Niamh?

(**a**) bhris duine éigin é

**(b)** **ghoid duine éigin é**

(**c**) chaill duine éigin é

(**d**) fuair duine éigin é

| **b** | **3 mharc**

<u>**6 mharc**</u>

2. **Comhrá a Dó**

***An Chéad Mhír***

**Brian**: *An é sin Seosamh? Brian anseo.*

**Seosamh**: *Is mé, a Bhriain. Shíl mé go raibh tusa ar do leaba leis an bhfliú.*

**Brian**: *Bhí mé, a Sheosaimh, ach tá biseach orm anois.*

**Seosamh**: *Chaill tú oíche mhór sa Chlub aréir.*

**Brian:** *Ar chaill mé? Céard a tharla.*



**(a)**



**(b)**



**(c)**



**(d)**

**(a)** Cad a bhí á dhéanamh ag Brian agus Seosamh?

| **c** |
|---|

**3 mharc**

**An Dara Mír**

**Seosamh**: *Bronnadh na boinn orainn a bhuamar anuraidh?*

**Brian**: *Cé a rinne an bronnadh?*

**Seosamh**: *Jim McGuinness, as Dún na nGall.*

**Brian**: *An raibh ceol ann freisin?*

**Seosamh**: *Bhí, a Bhriain. Bhí 'Rory and The Island' ann agus chan siad an t-amhrán, 'Jimmy's Winning Matches'.*

**Brian**: *Is mór an trua é, a Sheosaimh, nach raibh mé ann.*

***An Dara Mír***

**(b)** Cé a bhronn na boinn?

- (**a**) Cathaoirleach an Chlub
- **(b) Jim McGuinness**
- (**c**) Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael
- (**d**) an sagart paróiste

| **b** |
|---|

**3 mharc**

**<u>6 mharc</u>**

**<u>28 + 12 = 40</u>**

**30 marc**

## ROINN II – LÉAMHTHUISCINT (120 marc)

**Freagair gach ceist. Scríobh na freagraí ar na ceisteanna sna spásanna cuí ar an gceistpháipéar seo.**

| **Ceist 1** = Meaitseáil = 30 marc, **Ceist 2** = Fógraí = 30 marc, **Ceist 3** = Sleachta leanúnacha = 60 marc<br>**C.1 + C.2 + C.3 = 120 marc** |
|---|

**C.1** 30 marc = 3 mharc x 10 = 30 marc

1 **Ceolchoirm scoile**
Anocht 8 p.m.
Halla na Scoile




2 Dé Máirt
**Imirt Cártaí**
Ionad Pobail – 7 p.m.




3 **Ar díol**
Rothair athláimhe




4 **Oifigí Dúnta**
de bharr tuilte aréir




5 **Turas Scoile**
Táille bus €5




6 **Siopa Bróg**
Ar oscailt
**Luan - Satharn**




7 **Cóisir na Nollag**
*Óstán Uí Shé*
Aoine – 20/12/13




8 **Ceachtanna gailf**
*Gach*
Luan agus Aoine




9 **Faighte**
*Cóta Dubh*
Seomra Feistis




10 **Aire!**
Sioc ar na bóithre




| **Uimhir** | **Litir** | **Marc** |
|---|---|---|
| **1** | C | **3 mharc** |
| **2** | E | **3 mharc** |
| **3** | B | **3 mharc** |
| **4** | G | **3 mharc** |
| **5** | A | **3 mharc** |
| **6** | D | **3 mharc** |
| **7** | J | **3 mharc** |
| **8** | F | **3 mharc** |
| **9** | H | **3 mharc** |
| **10** | I | **3 mharc** |

| **Don Scrúdaitheoir**<br>Iomlán reatha→ | + | = | 30 |
|---|---|---|---|

**30 marc**

**15 + 15 = 30**

**CEIST 2.** Freagair do rogha **dhá** cheann de (**a**), (**b**), (**c**).

(**a**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Oileán Fhóta - Corcaigh

**Fáilte roimh chách**

**Rudaí suimiúla le feiceáil agus le déanamh**

**1. Teach Fhóta**

- Foghlaim faoi stair an tí
- Féach ar an ealaín sa teach
- Siúil sa ghairdín i measc:
  rósanna áille
  agus
  plandaí speisialta

**2. Óstán Oileán Fhóta**

- Óstán álainn, compordach - 5 réalt
- Suite i lár eastáit 780 acra
- Do rogha de thrí ghalfchúrsa den scoth

**3. Páirc Fhiadhúlra Fhóta**

- Le feiceáil:
- A lán ainmhithe éagsúla ó thíortha ar fud an domhain
- Na hainmhithe ag ithe a mbéilí

**Fón**: 021-241353 **Ríomhphost:** eolas@teachfhota.ie

**(i)** Cad atá le feiceáil i ngairdín Theach Fhóta?

(**3** + **2)**

***Tá rósanna (áille) agus plandaí (speisialta).*** **= 5 mharc**

**(ii)** Cá bhfuil Óstán Oileán Fhóta suite?

***Tá sé suite i lár eastáit / 780 acra / i gCorcaigh.*** **= 5 mharc**

**(iii)** Cén áit as a dtagann a lán de na hainmhithe atá i bPáirc Fhiadhúlra Fhóta?

***Tagann siad ó thíortha ar fud an domhain.*** **= 5 mharc**

**<u>15 mharc</u>**

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 30 + 30 | = | 60 |
|---|---|---|---|

**(b)** Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Turas farraige ar long álainn chompordach

Ag seoladh ó Southampton

**Go dtí:** An Íoslainn, An Iorua, An Mheánmhuir agus cathracha na Meánmhara

**Ar Fáil**

- Eitiltí saor in aisce ó Bhaile Átha Cliath go Southampton
- Turais farraige ó 3 oíche go 14 oíche
- Costas: ó €399 go €1750 an turas

**Áiseanna ar bord**

- Rinc oighir *agus* raon reatha
- Amharclann *agus* pictiúrlann
- Scáileán scannáin faoin aer

**Buntáistí eile**

- Rogha idir 6 bhialann ar bord
- Béilí do pháistí pé am is maith leat féin
- Imeachtaí do pháistí óga agus do dhéagóirí

**Teagmháil**

Ríomhphost: eolas@ionadtaistil.ie
Idirlíon: www.ionadtaistil.ie

**(i)** Cé mhéad a chosnaíonn na turais farraige?

***Cosnaíonn turais farraige ó €399 go / €1750.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Luaigh ceann **amháin** de na háiseanna atá ar bord.

***Tá rinc oighir/raon reatha/amharclann/pictiúrlann /scáileán scannáin.*** **= 5 mharc**


**(iii)** Cé mhéad bialann atá ar an long?

***Tá sé (6) bhialann ar bord.*** **= 5 mharc**

**15 mharc**

(**c**) Léigh an **fógra** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**

# Féile Leabhar
# Do pháistí agus do dhaoine óga



*Mí Iúil 2013*

**Imeachtaí ar siúl i:**
- Sna Scoileanna
- Sna Siopaí leabhar
- Sna Leabharlanna

**Labhair le húdair cháiliúla**

Faoina leabhair féin
Faoi conas a thosaíonn siad ar leabhar a scríobh
Faoin tslí is fearr an scéal a chur le chéile

**An Clinic Leabhar**

*Bain taitneamh agus tairbhe as:*
- Ranganna ealaíne do pháistí
- Ceardlanna do dhaoine óga
- Liosta de leabhair nua le léamh ón Dochtúir Leabhar

**Ar mhaith leat a bheith i do scríbhneoir?**

- Glac páirt sa chomórtas scríbhneoireachta
- Déan an cúrsa scríbhneoireachta ar líne do dhaoine óga

**Tuilleadh eolais:**

**Fón:** 01-290491 **Ríomhphost**: eolas@feileleabhar.ie **Brabhsáil:** www.feileleabhar.ie

**(i)** Cathain a bheidh an Fhéile Leabhar ar siúl?

***Beidh an Féile Leabhar ar siúl i (mí) Iúil 2013.*** **= 5 mharc**

**(ii)** Luaigh áit amháin ina mbeidh imeachtaí ar siúl?

***Beidh imeachtaí ar siúl i scoileanna / siopaí leabhar / leabharlanna.*** **= 5 mharc**

**(iii)** Cad atá le fáil ón Dochtúir Leabhar?

***Tá liosta de leabhair nua le léamh.*** **= 5 mharc**

**15 mharc**

**60**

**30 + 30**

**CEIST 3.** Freagair (**a**) *agus* (**b**) anseo = 30 + 30 = 60 marc

(a) **(i)** = 6 mharc + **(ii)** = 6 mharc + **(iii)** = 6 mharc + **(iv)** = 6 mharc + **(v)** = 6 mharc: = **(6 x 5 = 30 marc)**

(**a**) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

## Henry Shefflin - Sár- Iománaí

1. Is iománaí den scoth é Henry Shefflin. Rí Anraí a thugtar air. Agus ní haon ionadh é mar tá sé ina rí ar pháirc na hiománaíochta gan dabht. Anuraidh bhuaigh sé an naoú bonn uile-Éireann san iomáint. Is é an chéad imreoir é a bhuaigh naoi mbonn ar pháirc na himeartha.

2. Bhí an-suim ag a mhuintir sa spórt, san iománaíocht go háirithe. Bhí Henry ag imirt iománaíochta ó bhí sé an-óg. Ní raibh sé i bhfad sa scoil náisiúnta i mBaile Héil, nuair a thug príomhoide na scoile a scileanna iománaíochta faoi deara.

3. Rugadh Henry sa bhliain 1979. Tá triúr deartháireacha agus triúr deirfiúracha aige. Tar éis na hArdteistiméireachta d'fhreastail sé ar an Institiúid Teicneolaíochta, Port Láirge. Bhain sé céim amach sa Staidéar Gnó agus Seirbhísí Airgeadais. Phós sé Deirdre O Sullivan in 2007. Tá triúr páistí acu, beirt iníonacha agus mac amháin.

4. Tá sé ag imirt le foireann iománaíochta Chill Chainnigh ón mbliain 1999. In 2002 agus 2006 bronnadh trí ghradam; gradam Vodafone, gradam Texaco agus gradam Chumann Imreoirí Gael mar *Iománaí na Bliana*. Chomh maith leis sin tá deich ngradam *All-star* bainte amach san iománaíocht aige. Sin rud nach ndearna aon imreoir eile san iománaíocht go dtí seo.

5. Cé go bhfuil sé ceithre bliana is tríocha d'aois níl aon chosúlacht air go bhfuil sé ag éirí tuirseach den iomáint. Má leanann sé air ag imirt d'fhéadfadh sé an deichiú bonn uile-Éireann a bhuachan. N'fheadar an mbeidh a leithéid ann arís?

**(i)** Cad a rinne Henry Shefflin anuraidh? (**Alt 1**)

**B*huaigh sé an naoú bonn uile-Éireann san iomáint.*** **= 6 mharc**

**(ii)** Céard a thug príomhoide na scoile faoi deara? (**Alt 2**)

***Thug príomhoide na scoile a scileanna iománaíochta faoi deara.*** **= 6 mharc**

**(iii)** Cathain a phós Henry? (**Alt 3**)

***Phós sé in 2007 / 2007.*** **= 6 mharc**

**(iv)** Cad atá ag Henry nach bhfuil ag aon iománaí eile? (**Alt 4**)

**Tá deich ngradam All-star aige.** **= 6 mharc**

**(v)** Cad a d'fhéadfadh Henry a dhéanamh má leanann sé air ag imirt? (**Alt 5**)

**D'fhéadfadh sé an deichiú bonn uile-Éireann a bhuachan.** **= 6 mharc**

**30 marc**

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 60 + 60 | = | 120 |
|---|---|---|---|

(b) **(i)** = 6 mharc + **(ii)** = 6 mharc + **(iii)** = 6 mharc + **(iv)** = 6 mharc + **(v)** = 6 mharc: = **(6 x 5 = 30 marc)**

(**b**) Léigh an **sliocht** seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. **(30 marc)**

# Michelle Obama

**1.** Is é an teideal atá ar Michelle Obama ná *Céad-Bhean Uasal na Stát Aontaithe.* Ach má iarrtar cuntas a thabhairt uirthi féin is é an chéad rud a deir sí fúithi féin ná gur máthair Malia agus Sasha í.

**2.** Rugadh in Chicago í sa bhliain 1964. Chónaigh sí féin agus a deartháir, Craig, ansin lena dtuismitheoirí Fraser agus Marian Robinson. Bhí teach dhá stór ag sean aintín leo i Sráid Euclid sa chathair. Bhí árasán ar an dara hurlár sa teach ar cíos ag a tuismitheoirí. Bhí an sean aintín ina cónaí thíos fúthu ar an gcéad urlár.

**3.** Cé nach raibh an tsláinte go maith ag a hathair ó bhí sé óg is annamh a bhíodh sé as láthair ón obair. D'fhan máthair Michelle sa bhaile ag tabhairt aire don chlann. Teaghlach sona a bhí iontu. Is minic a chaith siad an t-am le chéile ag imirt cluichí mar *Monopoly* agus ag léamh.

**4.** D'éirigh go maith le Michelle agus le Craig ar scoil. Nuair a bhí Michelle sa 6ú grád bhí sí i rang speisialta do scoláirí a bhí an-chliste. D'fhreastail an bheirt acu ar Ollscoil Princeton. Tá Craig ina chóitseálaí sa chispheil in Ollscoil Oregon. Chuaigh Michelle ar aghaidh go dtí Ollscoil Harvard, áit ar bhain sí amach céim dlí.

**5.** Bhuail sí lena fear céile, Barack Obama, nuair a bhí an bheirt acu ag obair sa chomhlacht dlí Sidney & Austin. Phós siad i Mí Dheireadh Fómhair 1992. Tá sí ina cónaí faoi láthair, dar ndóigh, sa Teach Bán in Washington. Is mór an difríocht idir a háit chónaithe anois agus an t-árasán ar Sráid Euclid, Chicago!

**(i)** Cad is ainm do pháistí Michelle Obama? (**Alt 1**)
**(3 + 3)**
**Malia agus Sasha is ainm dóibh.** **= 6 mharc**

**(ii)** Cad a bhí ag a sean aintín? (**Alt 2**)

**Bhí teach (dhá stór) aici.** **= 6 mharc**

**(iii)** Cén fáth ar fhan máthair Michelle sa bhaile? (**Alt 3**)

**D'fhan sí sa bhaile ag tabhairt aire don chlann.** **= 6 mharc**

**(iv)** Cén obair a dhéanann Craig, deartháir Michelle? (**Alt 4**).

**Tá sé ag obair mar chóitseálaí cispheile.** **= 6 mharc**

**(v)** Cén áit a bhuail Michelle agus Barack le chéile? (**Alt 5**)

**Bhuail siad le chéile nuair a bhí an bheirt acu ag obair/ sa chomhlacht dlí.** **= 6 mharc**

**30 marc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Roinn III** | **Scríobh na Teanga** | **Gach gach ceist le freagairt** | **80 marc** |

**C.4** = **Cárta Poist** = 20 marc; **C.5** = **Blag / Cuntas** = 20 marc; **C.6** = **Litir *nó* Alt / Cuntas** = 40 marc

<u>**C**.4 + **C**.5 + **C**.6 = 80 marc</u>

**20**

## C. 4 Cárta Poist 20 marc

Tá tú ar saoire le do chara in ionad campála. Scríobh **cárta poist** abhaile chuig do dheartháir.

Luaigh na pointí seo a leanas ar an gcárta:

**Na Pointí Eolais/ Tascanna luaite**

**P1:** cá bhfuil an t-ionad campála
**P2:** rud amháin atá le déanamh ann
**P3:** an aimsir
**P4:** rud éigin faoin áit nach maith leat
**P5:** cathain a fhillfidh tú abhaile

**Na Marcanna don Eolas (marc as 5 mharc)**
**Cúig cinn** de na pointí eolais luaite **= 5 mharc**
**Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite **= 4 mharc**
**Trí cinn** de na pointí eolais luaite **= 3 mharc**
**Dhá cheann** de na pointí eolais luaite **= 2 mharc**
**Ceann amháin** de na pointí eolais luaite **= 1 mharc**

- Ní gá síniú ná beannú a bheith ann.
- Bronn na marcanna eolais ar phointí loma.

- ✓ **Eolas =** Comhlíonadh na bpointí atá luaite = marc as 5 mharc
- ✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.
- ✓ **N.B**. Má tá sé soiléir nach bhfuil an t-iarrthóir in **Ionad Campála / Suíomh Saoire, bain (-3 mharc) den mharc a bronnadh** mar níl an tasc comhlíonta.
- ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide **15 mharc**
- ✓ ‘0’<u>**(náid)**</u> ar eolas ➔ ‘0’<u>**(náid)**</u> ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar ‘**Eolas**’ agus an marc a bhronntar ar ‘**Gaeilge**’.

<u>**Eolas:** 5 mharc</u>
<u>**Gaeilge:** 15 mharc</u>

| **Don Scrúdaitheoir** Iomlán reatha→ | 120 + 20 | = | 140 |
|---|---|---|---|

# **Ceist 4** (Cárta Poist)

| **Eolas** | **Marc don Ghaeilge** | **Grád** |
|---|---|---|
| **1 phointe** | **as 3 mharc** | **A 3**<br>**B 2**<br>**C 2**<br>**D 1**<br>**E 1**<br>**F 0**<br>**NG 0** |
| **2 phointe** | **as 6 mharc** | **A 5-6**<br>**B 4**<br>**C 3**<br>**D 2**<br>**E 2**<br>**F 1**<br>**NG 0** |
| **3 phointe** | **as 9 marc** | **A 7-9**<br>**B 6**<br>**C 5**<br>**D 4**<br>**E 3**<br>**F 1**<br>**NG 0** |
| **4 phointe** | **as 12 marc** | **A 10-12**<br>**B 8-9**<br>**C 7**<br>**D 5-6**<br>**E 3-4**<br>**F 2**<br>**NG 1** |
| **5 phointe** | **as 15 mharc** | **A 13-15**<br>**B 10-12**<br>**C 8-9**<br>**D 6-7**<br>**E 4-5**<br>**F 2-3**<br>**NG 1** |

20

**CEIST 5.** **(20 marc)**

Is tusa Deirdre *nó* Seosamh sna pictiúir thíos. Scríobh cuntas / blag faoi na rudaí a tharla sna **Pictiúir 1-3**.




| **Pictiúr 1** | **Pictiúr 2** | **Pictiúr 3** | **Pictiúr 4** |
|---|---|---|---|
| Cuireadh | Glacadh leis an gcuireadh | Eolas faoin tráthnóna le chéile | Cuntas/Blag |

Luaigh **sa chuntas / sa bhlag:**

- cén fáth a raibh tú ar an bhfón (**Pictiúr 1** = pointe eolais amháin)
- cad a tharla ansin (**Pictiúr 2** = pointe eolais eile)
- cuntas ar an tráthnóna (**Pictiúr 3** = dhá phointe eolais)

**Tráthnóna a chaith mé le mo chara**

**Eolas =** Comhlíonadh na bpointí atá luaite **= marc as 4 mharc.**
**Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.**
**N.B.** Muna ndéantar tagairt do **'tráthnóna a chaith mé le mo chara' bain (-3 mharc) den mharc** a bronnadh mar níl an tasc comhlíonta.

**Na Marcanna don Eolas (marc as 4 mharc)**
**Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite **= 4 mharc**
**Trí cinn** de na pointí eolais luaite **= 3 mharc**
**Dhá cheann** de na pointí eolais luaite **= 2 mharc**
**Ceann amháin** de na pointí luaite **= 1 mharc**

- ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 16 mharc**
- ✓ '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**'

**Eolas:** 4/4
**Gaeilge:** 16/16

# Ceist 5 Cuntas/Blag


| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 4 mharc | A 3-4<br>B 3<br>C 2<br>D 1<br>E 1<br>F 0<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 8 mharc | A 7-8<br>B 6-7<br>C 4-5<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 12 marc | A 10-12<br>B 8-9<br>C 7<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 2<br>NG 1 |
| 4 phointe | as 16 marc | A 14-16<br>B 11-13<br>C 9-10<br>D 6-8<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |

**CEIST 6.** Freagair (**a**) **Litir** *nó* (**b**) **Alt / Cuntas** anseo. **(40 marc)**

**40**

## (a) Litir

Tá tú ag tabhairt aire do mhadra do chomharsan. Scríobh litir faoi chuig d'uncail atá ina chónaí thar lear.




Luaigh na pointí seo sa litir:

- ✓ **Eolas** = as 8 marc (2 mharc x 4) = 8 marc
- ✓ Bronntar marcanna eolais ar phointí loma.

| | |
|---|---|
| **Na Pointí Eolais / Tascanna luaite**<br>**P.1** cén fáth a raibh tú ag tabhairt aire do Rex<br>**P.2** cad a tharla dó<br>**P.3** cad a rinne tú chun é a fháil ar ais<br>**P.4** conas a fuair tú ar ais é | **Foirmlí: = 4 mharc**<br>**seoladh = 1 mharc**<br>**dátaí = 1 mharc**<br>**beannú = 1 mharc**<br>**síniú scoir = 1 mharc** |
| **Na Marcanna don Eolas (marc as 8 mharc)**<br>**Ceithre cinn** de na pointí eolais luaite **= 8 marc**<br>**Trí cinn** de na pointí eolais luaite **= 6 mharc**<br>**Dhá cheann** de na pointí eolais luaite **= 4 mharc**<br>**Ceann amháin** de na pointí luaite **= 2 mharc** | ✓ **Gaeilge:** Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: blocmharc as **28 marc**<br>✓ '0'**(náid)** ar eolas ➔ '0'**(náid)** ar Ghaeilge.<br>✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar '**Eolas**' agus an marc a bhronntar ar '**Gaeilge**' |


**F= 4/4**
**E= 8/8**
**G=28/28**
**[C.6 (a) = 40]**

# Ceist 6 (a) Litir

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 7 marc | A 6-7<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 14 mharc | A 12-14<br>B 10-11<br>C 8-9<br>D 6-7<br>E 4-5<br>F 2-3<br>NG 0-1 |
| 3 phointe | as 21 mharc | A 19-21<br>B 15-18<br>C 12-14<br>D 8-11<br>E 5-7<br>F 3-4<br>NG 0-2 |
| 4 phointe | as 28 mharc | A 24-28<br>B 20-23<br>C 15-19<br>D 11-14<br>E 7-10<br>F 4-6<br>NG 0-3 |

(**b**) **Alt / Cuntas** (15 líne nó mar sin).

Is tusa Nuala *nó* Seán, duine de na daoine óga atá sna pictiúir thíos. Scríobh síos an scéal atá léirithe sa tsraith pictiúr. Is tusa atá ag insint an scéil.




| Na Marcanna don Eolas (marc as 10 marc) | | Na Pointí Eolais / Tascanna luaite |
|---|---|---|
| **Cúig cinn** de na pointí luaite | **= 10 marc** | **Pointe 1** as Sraith Pictiúr 1 |
| **Ceithre cinn** de na pointí luaite | **= 8 marc** | **Pointe 2** as Sraith Pictiúr 2 |
| **Trí cinn** de na pointí luaite | **= 6 mharc** | **Pointe 3** as Sraith Pictiúr 3 |
| **Dhá cheann** de na pointí luaite | **= 4 mharc** | **Pointe 4** as Sraith Pictiúr 4 |
| **Ceann amháin** de na pointí luaite | **= 2 mharc** | **Pointe 5** as Sraith Pictiúr 4 |

**Gaeilge:**

- ✓ Aimsirí / Forbairt / Saibhreas Foclóra / Cumas Cumarsáide: **blocmharc as 30 marc**
- ✓ ‘0’**<u>(náid)</u>** ar eolas ➔ ‘0’**<u>(náid)</u>** ar Ghaeilge.
- ✓ Bíodh **coibhneas** idir an marc a bhronntar ar ‘**Eolas**’ agus an marc a bhronntar ar ‘**Gaeilge**’

**E= 10/10**
**G=30/30**
**[C.6 (b) = 40]**

# Ceist 6 (b) Alt/Cuntas

| Eolas | Marc don Ghaeilge | Grád |
|---|---|---|
| 1 phointe | as 6 mharc | A 6<br>B 5<br>C 4<br>D 3<br>E 2<br>F 1<br>NG 0 |
| 2 phointe | as 12 mharc | A 10-12<br>B 9<br>C 7-8<br>D 5-6<br>E 3-4<br>F 1-2<br>NG 0 |
| 3 phointe | as 18 marc | A 16-18<br>B 13-15<br>C 10-12<br>D 8-9<br>E 5-7<br>F 2-4<br>NG 0-1 |
| 4 phointe | as 24 mharc | A 21-24<br>B 17 -20<br>C 13-16<br>D 10-12<br>E 6-9<br>F 3-5<br>NG 0-2 |
| 5 phointe | as 30 marc | A 26-30<br>B 21-25<br>C 17-20<br>D 12-16<br>E 7-11<br>F 5-6<br>NG 0-4 |